# Bealach a Phleanáil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - am<br>Uimhreas - oibríochtaí, deachúlacha, céatadáin, airgead<br>Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | airgead, costas, fad, céatadáin, maidin, iarnóin, trathnóna, uair, bomaite, ciliméadar, lítear, luas, fad, tábla, graf, picteagram, barrachairt shingil agus iolrach, píchairt, meastachán |
| **Áiseanna** | inneall cuardaigh, Google Maps, pinn luaidhe, rialóirí, áireamháin |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Fiosraíonn daltaí na faid idir mórchathracha in Éirinn agus socraíonn siad ar an dóigh leis an eolas seo a chur i láthair.

### 2 Gníomhaíocht 2

Bunaithe ar an eolas ó Ghníomhaíocht 1 roghnaíonn daltaí dhá chathair agus ríomhann siad:

- Cá fhad a bheadh turas fillte
- Cá fhad a thógfadh sé ag taisteal x ciliméadar san uair
- An costas ar bhreosla
- Táillí dola
- Bealaí eile
- An t-am is fearr le tús a chur leis an turas

### 3 Gníomhaíocht 3

Ansin, cuireann na daltaí carr leictreach i gcomparáid le carr peitril nó díosail. Mar shampla, d'fhéadfadh siad an laghdú costais maidir le carranna leictreacha agus an tionchar timpeallachta a chur san áireamh srl. Ansin, thig leo é sin a mheas maidir leis an am sa bhreis atá de dhíth leis an fheithicil a luchtú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá fhad atá sé idir Cathair X agus Cathair Y?<br>• Cá fhad a thógfadh sé taisteal go Cathair X?<br>• Cén costas a bheadh ar an turas go Cathair X i gcarr peitril/díosail?<br>• Má fhágann tú Cathair X ag 8:00 a.m., cén t-am a mbeidh tú i gCathair Y?<br>• Cén t-am é am X ar an chlog 12 uair/24 uair? | • Cad é mar a shocraigh tú do shonraí a chur i láthair ar an dóigh seo?<br>• Cad é a insíonn na sonraí duit?<br>• Cén t-eolas nach bhfuil léirithe ar an ghraf?<br>• Cad é mar a shocraigh tú ar na cathracha sin?<br>• Cad chuige ar shocraigh tú fágáil ag am x?<br>• Cad iad na cúinsí eile a chuaigh i bhfeidhm ar do rogha bealach?<br>• Cé acu ab fhearr leat, taisteal i gcarr peitril nó díosail, nó i gcarr leictreonach? Cad chuige? |

## Difreáil

Socraigh líon na gcathracha/gcúinsí lena gcur san áireamh maidir le bealach a phleanáil de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.